

I Réamhrá

Tosaíonn gach plean straitéiseach le rogha a dhéanamh idir dhá rud: cur síos a dhéanamh ar an todhchaí mar rud a thiocfaidh aisti féin, nó í a mhúnlú mar rud a n-iarrtar orainn é a chruthú. Is é an dara rud is ea dearcadh an phlean seo. In *Conairí á Léiriú, Todhchaí á Nochtadh*, nochtar diongbháilteacht Choláiste Mhuire Gan Smál gur gníomh soilsiúcháin atá san oideachas - caitheann sé solas ar an mbealach chun tosaigh i gcomhair daoine aonair, pobail, agus an tsochaí.

Is ag uair an athraithe mhóir atá an straitéis ag teacht chun cinn. Tá an teicneolaíocht ag athmhúnlú a bhfuil i gceist le bheith ag foghlaim, le bheith ag múineadh agus le páirt a ghlacadh sa daonlathas. Tá athrú ó bhonn teacht chomh maith ar na dálaí ina gcaitear agus ina dtuigtear an leanbaíocht — ar bhealach domhain míchothrom — mar gheall ar an tumadh digiteach, ar imní faoin aeráid, agus faoi thírdhreacha cultúrtha a bhfuil claochlú ag teacht go tapa orthu. Tá pobail ag streachailt le scoilt, éiginnteacht, agus an gá práinneach le cúram, le ceartas agus le muintearas. I gcomhthéacs den sórt sin, ina bhfuil éiginnteacht ann faoin uile chineál todhchaí, tá ról an oideachais tríú leibhéil ag éirí níos dúshlánaí agus níos práinní.

Tá Coláiste Mhuire Gan Smál (CMgS) an-oiriúnach chun freagairt dó sin. Tá CMgS fréamhaithe i dtraidisiún cúraim, faigheann sé a bheocht ó rogha a dhéanamh den chruthaitheacht, tá sé tiomanta don dínit agus don bharr feabhais, agus thuig sé riamh an t-oideachas mar rud is mó ná scil a shealbhú. Is iarracht idirghlúine atá ann - seachadadh an dóchais agus na freagrachta. Na céimithe a bhíonn againn, go háirithe na céimithe a bheidh ina múinteoirí, beidh tionchar acu ar shaolta na mílte páistí. Na luachanna a bhíonn acu, an tsamhlaíocht a chothaíonn siad, agus an misneach a léiríonn siad, rachaidh siad thar a dtréimhse féin ina mic léinn ag an gColáiste, agus beidh éifeacht iolraitheach acu ar fud éiceachóras an oideachais.

Tá an tuiscint seo le brath ar *Conairí á Léiriú, Todhchaí á Nochtadh*, agus díritear ann ar an todhchaí féin. Ní ar dhul chun cinn institiúideach amháin atá sé bunaithe, ach ar fhís ar chineálacha todhchaí atá daonna, daonlathach, inbhuanaithe, agus cóir, agus go dtuigtear iad i gcomhthéacs an oideachais tríú leibhéil. Iarrtar orainn ár machnamh a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le feabhas a dhéanamh — mar dhaoine aonair agus mar phobal — i síorathrú na héiginnteachta, agus conas gur féidir le Coláiste a bhfuil misean mar atá ag CMgS aige freastal a dhéanamh ar an domhan ina dteastaíonn soiléireacht mhorálta, freagrachta shibhialta, agus ceannaireacht oideachasúil go mór.

II. Treo Straitéiseacha & Conairí

Trí Threo

Tá an plean tógtha mórthimpeall trí Threoshuíomh, agus cuireann gach ceann díobh in iúl toise bunaidh d'fhéiniúlacht agus de chuspóir CMgS.

Treo 1: Cúram Beo, Baile Comónta

Is rud caidreamhach i gcónaí é an t-oideachas. Tagann féidearthachtaí nua ar an bhfód nuair a bhíonn daoine ag foghlaim, ag obair agus ag cruthú laistigh de thimpeallachtaí a chruthaítear tríd an muintearas, cothrom na féinne, an cúram agus an meas ar an domhan a roinnimid. Le **Cúram Beo, Baile Comónta**, léirítear tiomantas CMgS don bhunús sin — spásanna, caidrimh, agus cultúir a mhúnlú a chothaíonn leas daonna agus éiceolaíoch a bhaineann le gach duine a fhoghlaimíonn agus a oibríonn anseo.

Sa Treo seo tarraingítear ar na traidisiúin eiticiúla, cultúrtha agus léirmhínitheacha ar fada iad ag múnlú tuiscintí pobal ar an muintearas agus ar an bhfreagracht - lena n-áirítear an ghairm ar a gcuirtear síos in *Laudato Si'* ó thaobh aire a thabhairt dár mbaile comónta agus féith a chothú a bhíonn aireach ar an gceartas, ar an idirspleáchas, agus ar leochaileacht an phláinéid. Caitheann na daonnachtaí, na heolaíochtaí sóisialta, agus na healaíonta cruthaitheacha solas ar na traidisiúin sin: scéalta, oidhreachtaí, agus ciall chomhroinnte a thugann pobail le chéile, agus a iarrann ar mhic léinn a shamhlú cén bealach ina bhféadfaimis maireachtáil níos freagraí in éineacht lena chéile agus leis an domhan.

Cuireann **Cúram Beo, Baile Comónta** cuspóirí na haeráid agus na hinbhuanaitheachta chun cinn freisin. Táimid ag maireachtáil trí uair na cinniúna anois agus an meath éiceolaíoch, cailliúint na bithéagsúlachta agus an éagóir chomhshaoil ag cruthú rioscaí mór do na glúnta atá le teacht. Sa chomhthéacs seo, ní féidir caitheamh leis an inbhuanaitheacht mar a bheadh tionscadal ar an imeall; ní mór é a bheith ina shnáithe atá fite fuaite trí dheardh ár gcampaí, trí chruth ár gcuraclaim, trí nádúr ár gcomhpháirtíochtaí, agus trí na roghanna laethúla arb iad a shainíonn an saol institiúideach. Is éard is ciall leis sin an chuimhne agus an fhéidearthacht a thabhairt le chéile: ómós a thabhairt do dhúchas na háite a tháinig ar oidhreacht chugainn agus an misneach sibhialta agus tsamhlaíocht éiceolaíoch is gá chun an domhan ina mairfidh ár mic léinn agus ár bpobail a chothú.

I gcás CMgS mar institiúid ardoideachais, iarrtar orainn sa Treo seo cur leis na hacmhainneachtaí intleachtúla, cruthaitheacha agus sibhialta a chuireann ar a gcumas do dhaltaí tuiscint a fháil ar na córais idirnasctha — córais chultúrtha, shóisialta, chomhshaoil agus dhigiteacha — lena múnlaítear saol an phobail. Dearbhaíonn sé go lá i ndiaidh lae a bhíonn saol an choláiste ann: sa chaoi a gcaithimid le chéile, conas a dhéanaimid acmhainní a bhainistiú, conas a fhreagraímid don leochaileacht, agus conas a gheallaimid go mbeidh daoine agus an pláinéad araon faoi bhláth.

I ndeireadh na dála, cuireann **Cúram Beo, Baile Comónta** CMgS chun cinn mar ghníomhaí sibhialta agus éiceolaíoch, rud a rannchuidíonn le folláine pobal, beogacht an chultúir, agus inbhuanaitheacht ár dtimpeallachta comhroinnte. Iarrann sé orainn Coláiste a thógáil ina mbeidh rath ar dhaoine, ar smaointe agus ar chineálacha todhchaí — agus é sin a dhéanamh leis an tsamhlaíocht, leis an humhlaíocht agus leis an gcomhleanúnachas a theastaíonn ón gcúram.

Treo 2: Acmhainneacht an Duine, Teicneolaíochtaí an Duine

Cúram, cruthaitheacht, agus rannpháirtíocht machnamhach, sin é a mhúnlaíonn an bealach a mairimid agus a bhfoghlaimid le chéile. Caithfidh an rud céanna a bheith fíor i gcás an bhealaigh a bhímid ag plé leis an teicneolaíocht. Tuigeann **Acmhainneacht an Duine, Teicneolaíochtaí Daonna** go bhfuil córais teicneolaíochta mar chuid den chreatlach chultúrtha agus shóisialta ina mairimid — ceann den iliomad ionchur amháin as measc go leor — agus gur cheart dóibh na féidearthachtaí atá ar fáil do dhaoine a leathnú, seachas iad a chúngú.

Dearbhaíonn an Treo sin go gcaithfidh an t-oideachas acmhainneacht an duine a chothú ina iomláine ar fad: breithiúnas, samhlaíocht, léargas eiticiúil, cruthaitheacht, comhbhá, tuiscint léirmhínitheach, agus an cumas gníomhú le freagracht agus le neamhspleáchas. Ba cheart an teicneolaíocht a bheith ar leas acmhainneacht an Duine, seachas a mhalairt. Agus uirlisí, córais agus timpeallachtaí ag éirí níos forleithne, is í an cheist cén chaoi a chinnteoidh siad feabhas an duine, thairis úsáid a bhaint astu amháin.

Ní bhíonn an teicneolaíocht go deo ina rud teicniúil amháin. Is é an stair é, is é an cultúr é, agus is é an tsamhlaíocht é - múnlaíonn sí mar a thuigtear don duine an t-eolas, an ghníomhaireacht, agus an fhéiniúlacht. Tá ról ríthábhachtach ag na daonnachtaí, na healaíona, agus na heolaíochtaí sóisialta, agus iad ag cur ar fáil creataí léirmhínitheacha chun tuiscint a fháil ar an mbealach ina dtéann an t-athrú i bhfeidhm ar chruthú na céille, sloinneadh cultúrtha, an saol sibhialta, agus castachtaí eiticiúla na todhchaí.

Cabhraíonn na disciplíní sin le mic léinn tuiscint a fháil ní hamháin ar an méid a dhéanann teicneolaíochtaí, ach ar an méid is féidir leo a chumasú, ar na srianta a chuireann siad orthu, agus ar an méid a éilíonn siad orainn mar dhaoine daonna.

Ní lionsa é a díriú ar theicneolaíocht ar mhaithe leis an teicneolaíocht. Eascraíonn sé as aitheantas stuama go bhfuilimid ag maireachtáil trí uair chlaohlaitheach - ceann ina bhfuil córais dhigiteacha, intleacht shaorga ina measc, ag athmhúnlú cultúir, féiniúlachta, príobháideachais, inbhuanaitheacht an chomhshaoil, agus struchtúir shocheacnamaíocha ar scála gan choinne.

Mura gcoinnítear súil ar na fórsaí sin nó mura scrúdaítear iad, is féidir leo dochar mór a dhéanamh. Tá a n-áit féin ag ceisteanna den sórt sin laistigh de milieu an ardoideachais, áit a mbuaileann doimhneacht léirmhínitheach na ndaonnachtaí, na ndisciplíní cruthaitheacha, agus na heolaíochtaí sóisialta le heagnaíocht phraiticiúil an oideachais ghairmiúil.

Dearbhaítear leis an Treo seo nach do mhóiminteam teicneolaíoch amháin ba cheart cineálacha todhchaí daonna a mhúnlú, ach tríd an léargas daonna, tríd an mbreithiúnas, agus tríd an tuiscint cultúrtha.

Le **hAcmhainneacht an Duine, Teicneolaíochtaí an Duine** mar sin, iarrtar ar CMgS an t-athrú teicneolaíoch a rialú go stuama: leis an tsoiléireacht eiticiúil, leis an bhfeasacht chultúrtha, agus le meas mór ar an dínit dhaonna.

Iarrtar ar mhic léinn agus ar an bhfoireann a bheith ag smaoineamh go criticiúil, samhlaíocht dhána a bheith acu, agus gníomhú go freagrach agus iad ag tabhairt aghaidh ar dhomhan ina dtrasnaíonn cleachtais dhigiteacha, chruthaitheacha agus idirdhisciplíneacha an saol laethúil.

Tugann sé ár ndúshlán creataí a thógáil — creataí teicniúla, eiticiúla, cultúrtha, agus eagraíochtúla — creataí a chuireann ar ár gcumas dúinn taithí oideachasúil a mhúnlú trí fhrith-insint a bhfuil gá mór léi seachas tríd an teicneolaíocht: ceann inarb iad an breithiúnas daonna, an chruthaitheacht, agus an cúram a threoraíonn ár gcinntí teicneolaíocha.

I gcás CMgS, éilítear leis an Treo sin go dtabharfaimis fairsinge iomlán an ardoideachais — fiosrúchán criticiúil, réasúnaíocht eiticiúil, léargas cultúrtha, doimhneacht idirdhisciplíneach, agus cleachtas cruthaitheach — chun leas a bhaint as na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann leis an gclaochlú teicneolaíoch. Dearbhaíonn sé go bhfuil an t-oideachas dírithe go bunúsach ar an todhchaí: na hacmhainneachtaí is gá a thabhairt do chéimithe chun todhchaí theicneolaíoch dhaonnachtúil a mhúnlú a sheasann leis an dínit, leis an gceartas agus leis an leas coiteann.

Ar deireadh, **Acmhainneacht an Duine, Teicneolaíochtaí Daonna**, cuireann sé muinín i gcumas an duine. Iarrann sé ar CMgS cur chuige machnamhach i leith na teicneolaíochta a mhúnlú atá bunaithe ar luachanna — cur chuige lena gcosnaítear agus lena leathnaítear na hacmhainneachtaí samhlaíocha, eiticiúla agus caidreamhacha lena sainítear a bhfuil i gceist le bheith i do dhuine.

Treo 3: Guthanna Leanaí, Domhain na Todhchaí

Is iad páistí agus na bealaí ina dtéann siad ina ngleic leis an domhan atá le fada ag croílár theagasc, thaighde agus obair chruthaitheach CMgS. Le breis agus céad bliain anuas, tá saol na leanaí á múnú ag an gColáiste trí na hoideoirí, na ceannairí, na taighdeoirí agus na cleachtóirí cultúrtha a ullmhaíonn muid — tionchar ó ghlúin go glúin a théann isteach i seomraí ranga, i bpobail agus sa saol sibhialta ar fud na hÉireann agus níos faide i gcéin. Sa lá atá inniu ann, déantar an obair sin ar bhealach a bhfuil athrú ó bhonn déanta air: Déanann athruithe déimeagrafacha, tumadh digiteach, éagsúlú cultúrtha, imní mar gheall ar an aeráid, éagobhsaíocht gheopholaitiúil, agus athchumrú spásanna poiblí agus sibhialta athmhúnlú ar a bhfuil i gceist le leanaí a fhás, a fhoghlaim, a shamhlú agus a bheith páirteach.

Tá níos mó ná an fheasacht ag teastáil chun an fhreagracht sin a urramú; iarrtar léi aird níos doimhne a thabhairt ar ghníomhaireacht, ar dhearcthaí agus ar eispéiris leanaí atá ag teacht chun cinn.

Le **Guthanna Leanaí, Todhchaí Domhan**. Déantar óige na leanaí a shuíomh mar spás dínimiciúil ina dtagann an t-am atá caite agus an t-am atá romhainn le chéile — áit a múnlaíonn oidhreachtaí cultúrtha, féiniúlachtaí, cuimhní agus scéalta an tuiscint atá ag daoine óga orthu féin, agus ina gcruthaítear féidearthachtaí nua i gcónaí. Tá an lionsa sin ag teacht ní hamháin le misean CMgS in oideachas múinteoirí ach lena láidreachtaí níos leithne sna healaíona, daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta, áit a bhféachann mic léinn ar an gcaoi a gcabhraíonn an stair, an cultúr, an tsamhlaíocht agus an breithiúnas eiticíúil le domhan atá ag dul i luaineacht de réir a chéile a léirmhíniú.

Trí dhisciplíní den sórt sin, foghlaimíonn go bhfuil na hinsintí a thagann ar oidhreacht chugainn agus an todhchaí a shamhlaímid fite fuaite ina chéile.

Leis an Treo sin, iarrtar orainn ár dtiomantas léannta, oideolaíoch agus sibhialta do leanaí a dhoimhniú trí na caidrimh, na timpeallachtaí agus na creataí intleachtúla a thacaíonn lena rath a neartú. Impíonn sé ar CMgS cothú a dhéanamh ar na cumais is gá d'oideoirí chun a chur ar a gcumas do leanaí a saol a léirmhíniú — agus cinn nua a shamhlú — in éineacht le muinín, cruthaitheacht agus ionracas. Tugann sé dúshlán an Choláiste freisin oibriú go dlúth le pobail, scoileanna, comhlachtaí cultúrtha, agus comhpháirtithe domhanda chun aghaidh a thabhairt ar na dálaí struchtúracha agus sochaíocha a mhúnlaíonn todhchaí leanaí.

Thar aon ní eile, dearbhaíonn **Guthanna Leanaí, Domhain na Todhchaí** go bhfuil an t-oideachas giniúnach go bunúsach: cleachtas a bhaineann ní hamháin le sealbhú eolais ach le múnú deiseanna don chéad ghlúin eile.

Trí ghníomhaireacht agus folláine leanaí a chur i gcroílár ár misin, tá geallúint á tabhairt ag CMgS go gcruthóidh sé cineálacha todhchaí inar féidir le daoine óga a bheith rathúil — agus go n-ullmhóidh sé céimithe a bhfuil an tsamhlaíocht, an léargas agus an misneach acu chun cabhrú leo é sin a dhéanamh.

Sé Chonair

Tá sraith de shé Chonair i gcoiteann ag gach Treo, lena n-eagraítear ár ngealltanais ar fud phríomhábhair imní an Choláiste, lena n-áirítear teagasc agus foghlaim, bláthú mac léinn, taighde, comhpháirtíochtaí agus féiniúlacht champais.

Cuireann siad sin in iúl na príomhréimsí trína n-achtaítear misean an Choláiste agus a thrí Threo. In éineacht le chéile, cruthaíonn siad cnámh droma oibríochtúil na straitéise sin, agus nascann siad ár bhfís chun réaltachtaí laethúla na múinteoireachta agus na foghlama, an

taighde, na comhpháirtíochta, shaol an phobail, agus rannpháirtíocht dhomhanda.

I ngach Conair léirítear gné den obair atá riachtanach chun an todhchaí a shamhláimid a mhúnlú — agus chun institiúid atá freagrúil, fiúntach agus claochlaitheach a chothú.

Nuair a thugtar na Conairí le chéile, cuireann siad ar fáil creatlach chuimsitheach ina gceadaítear gach aon aonad acadúil, seirbhís, agus feidhm chun a rannchuidiú laistigh de threoir straitéiseach fhorleathan an Choláiste a shuíomh.

Conair 1: Teagasc, Foghlaim & Inniúlachtaí

Déanfaidh CMgS athnuachan ar churaclaim agus ar oideolaíocht chun inniúlachtaí na todhchaí — inniúlachtaí eiticiúla, digiteacha, cruthaitheacha atá dírithe ar an inbhuanaitheacht agus ar inniúlachtaí sibhialta iad — chun iad a fhí isteach ar fud na gclár uile. Neartóimid timpeallachtaí foghlama cuimsitheacha, ar mhórán cleachtas, atá giniúnach go hintleachtúil lena n-ullmhófar mic léinn chun dul i ngleic le castacht, féidearthachtaí a shamhlú, agus rannchuidiú go fóinteach leis an tsochaí.

Conair 2: Aistear na Mac Léinn, Claochlú & Bláthú

Cothóidh CMgS eispéiris mac léinn atá comhleanúnach, caidreamhach agus tacúil lena gcomhtháthófar gnéithe acadúla, sóisialta, mothúchána agus digiteacha den fhoghlaim. Neartóimid folláine agus muintearas, cuimsiú agus muinín, conairí aistrithe agus rochtain, chun a áirithiú go mbeidh bláthóidh gach mac léinn agus go bhforbróidh siad ina n-iomláine. Inár gCreat Rathúlachta Mic Léinn, a chomhchruthófar in éineacht lenár mic léinn, beidh piarmheantóireacht, deiseanna méadaithe comhchuraclaim, agus anailísíocht luathfholáirimh chun a chinntiú go dtacófar le gach mac léinn le dínit agus le cuspóir.

Conair 3: Taighde, Nuálaíocht & Comhroinnt Eolais

Cuirfidh CMgS taighde atá samhlaíoch, idirdhisciplíneach agus freagrach go sóisialta chun cinn. Neartóimid an fiosrúchán ar bhonn an chuimsithe, na cruthaitheachta, na hinbhuanaitheachta agus an tsaoil shibhialta.

Tacóidh struchtúir le comhoibriú, le comhpháirtíochtaí domhanda, le forbairt bheartais, agus le forbairt taighdeoirí.

Conair 4: Comhpháirtíochtaí, Pobal & Tionchar

Doimhneoidh CMgS comhpháirtíochtaí atá ann cheana idir scoileanna, pobail, comhlachtaí cultúrtha, eagraíochtaí sibhialta, agus institiúidí domhanda, agus leathnóidh siad raon feidhm na rannpháirtíochta chun tionchar a sheachadadh go comhsheasmhach.

Beidh líonraí scoile ina spásanna don fhiosrú comhroinnte, don fhoghlaim chleachtas-

bhunaithe agus don nuálaíocht chomhdheartha. Tacóidh comhpháirtíochtaí réigiúnacha leis an gcothú cultúrtha, le folláine an phobail agus leis an bhforbairt áitbhunaithe.

Cruthóidh conairí gairmiúla, idirnáisiúnta agus foghlama ar feadh an tsaoil turais oideachais sholúbtha atá ailínithe le misin.

Conair 5: Daoine, Áit & Saol ar an gCampas

Déanfaidh CMgS infheistíocht i ndul chun cinn na foirne, i mbonneagar digiteach agus fisiceach, in inbhuanaitheacht agus i gcultúr institiúideach. Cruthóimid timpeallacht atá ailínithe le misean atá tacúil agus atá réidh don todhchaí, misean ina mbeidh rath ar bhaill foirne agus ar mhic léinn — misean a bheidh fréamhaithe sa chúram, sa chomhleanúnachas agus sa chuspóir.

Conair 6: Saoránaigh de chuid an Domhain & Naisc Tras-Náisiúnta

Déanfaidh CMgS rannpháirtíocht dhomhanda a fhí isteach trí shoghluaisteacht mac léinn agus foirne, comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, foghlaim idirchultúrtha, agus taighde comhoibríoch. Déanfaimid an tsaoránacht dhomhanda a chothú, conairí idirnáisiúnta a leathnú, agus caidrimh chómhálartacha a chothú le hinstitiúidí ardoideachais, comhlachtaí taighde, comhpháirtithe cultúrtha, gníomhaireachtaí rialtais agus eagraíochtaí sibhialta ar fud an domhain.

III. Ár bhFís

Is áit ardoideachais ina ndíreofar ar chineálacha todhchaí a bheidh i gColáiste Mhuir Gan Smál, áit a saothrófar an fhírinne le misneach, áit gcloífear le dínit gach duine agus ina gcosnófar í, agus ina gcaithfidh an chruthaitheacht agus an cúram solas ar chonairí i dtreo an bhláthaithe dhaonna.

Tá an Coláiste fréamhaithe in éiteas a thugann le chéile an fhírinne, an ceartas, an comhbhá, cumhacht chlaochlaitheach an oideachais — agus é ag freastal ar éilimh an domhain atá ag athrú go tapa — freagróidh an Coláiste leis an gcuspóir seo a leanas do na fórsaí atá ag athmhúnlú na sochaí: an éigeandáil aeráide, dlús teicneolaíoch, luaineacht gheopholaitiúil, ilroinnt chultúrtha, agus na dálaí athraitheacha faoina maireann an óige, an pobal agus an daonlathas.

Cuirfidh CMgS eispéireas foirmitheach iomlánaíoch ar fáil, rud a chuirfidh ar a gcumas do dhaoine aonair agus do phobail, go háitiúil agus ar fud an domhain, éiginnteacht a léirmhíniú leis an ngaois, samhlaíocht fhreagrach a bheith acu, agus múnú a dhéanamh ar chineálacha todhchaí a bheidh bunaithe ar an inbhuanaitheacht, ar an dínit agus ar an leas coiteann.

Gheobhaimid aitheantas as doimhne ár gcúraim, neart ár scoláireachta, agus tionchar idirghlúine ár dteagaisc. Ar fud oideachas múinteoirí, na n-ealaíon, na ndaonnachtaí, agus na n-eolaíochtaí sóisialta, ullmhóimid céimithe ag a bhfuil an breithiúnas, an tsamhlaíocht agus an léargas eiticiúil is gá acu chun dul i ngleic leis na dálaí nua sin agus freagairt dóibh go hionraic.

Lenár dtaighde, déanfar an tuiscint a dhoimhniú, an athléimneacht shibhialta agus éiceolaíoch a neartú, agus leathnú ar na féidearthachtaí atá ar fáil do leanaí, do phobail agus don tsochaí.

Faigheann CMgS a bheocht ónár gcarthanais bunaidh, tá sé tiomanta do chuardach na fírinne mar iarracht chomhroinnte, agus bunóidh sé céimithe a chuideoidh le todhchaí a thógáil atá daonnúil, inbhuanaithe, cuimsitheach agus cóir — agus a thuigfidh gur gníomh soilsithe é an t-oideachas, agus nach mór dó bheith amhlaidh i gcónaí.

IV. Ár nUaillmhianta do 2030

Faoi threoir ár gcarthanais bhunaidh agus na luachanna a léirítear inár bhFís, gheobhaidh Coláiste Mhuire Gan Smál aitheantas faoi 2030 mar áit ina múnlaíonn an t-oideachas todhchaí atá daonnúil, inbhuanaithe agus cóir. I ndomhan atá á athrú ó bhonn ag an suaitheadh aeráide, an éagobhsaíocht gheopholaitiúil, an luasghéarú teicneolaíoch, agus tírdhreacha cultúrtha atá ag athrú, cothóimid an tsamhlaíocht, an léargas eiticiúil agus an eagnaíocht phraiticiúil is gá chun dul i ngleic leis an gcastacht leis an dínit agus leis an gcuspóir.

Faoi mbliain 2023, déanfaidh CMgS:

- scoláireacht agus fiosrúchán cruthaitheach a chur chun cinn lena ndéantar tuiscint a dhoimhniú, lorg na fírinne a chothú, agus bláthú an duine a neartú i ré ina bhfuil athrú ó bhonn ag teacht;
- gach ball dár bpobal foghlama a ullmhú leis an mbreithiúnas eiticiúil, an fheasacht idirchultúrtha, agus na hinniúlachtaí criticiúla is gá chun maireachtáil go freagrach laistigh den chlaochlú teicneolaíoch, éiceolaíoch agus daonlathach;
- leanaí, a saol, agus na pobail a thacaíonn leo a chur i gcroílár ár misin, agus tionchar idirghlúine theagasc agus thaighde CMgS á dhearbhu;
- cuir chuige dhaonnachtúla atá bunaithe ar luachanna a ghlacadh chucu féin i ré ina bhfuil claochlú tapa forleatach ag teacht ar an teicneolaíocht, lena n-áiritheofar go bhfreastalóidh córais dhigiteacha agus IS ar dhínit an duine, ar bheocht chultúrtha, agus ar an leas coiteann; agus

- gníomhú go diongbháilte chun múnú a dhéanamh ar institiúid atá inbhuanaithe, cuimsitheach, caidreamhach agus freagrach ó thaobh na héiceolaíochta de a mhúnú, ag rannchuidiú le sochaí níos leithne atá bunaithe ar chúram dár mbaile comhroinnte.

Is léiriú iad na mianta sin ar an gColáiste a roghnaímid a bheith: áit ina n-éiríonn lenár gcarthanas, lenár scoláireacht agus lenár bpobal soilsiú a dhéanamh ar chineálacha todhchaí na féidearthachta le haghaidh an domhain a bhfreastalaímid air.

V. Ár Luachanna

Tá an plean seo bunaithe d'aon ghnó ar luachanna agus tá sé soiléir go hoibríochtúil ag an am céanna. Is é is cuspóir dó léargas a thabhairt ní hamháin ar bhrí, ach creat praiticiúil a chur ar fáil a chuidíonn le gach ball den Choláiste — idir baill acadúla, gairmiúla agus mic léinn — a gcuid oibre laethúla a nascadh le fíis agus cuspóir níos forleithne CMgS.

Sa chiall sin, is cuireadh atá i gceist: iarrann sé ar gach duine againn ár bhfreagrachtaí, ár gcinntí agus ár n-uaimhianta féin a aimsiú, faoi threoir phrionsabal comhroinnte intleachtúil agus eiticiúil.

Ní idéil theibí iad ár luachanna; is cleachtais iad a mhúnlaíonn an chaoi a ndéantar an teagasc, an chaoi a saothraítear taighde, an chaoi a n-úsáidtear an teicneolaíocht, an chaoi a dtugaimid aire dá chéile, agus an chaoi a ndéanaimid ár gcomhshaol a stiúradh.

Cuireann siad bonn eolais faoi dhearadh na gclár, faoi mheon na ceannaireachta, faoin gcaoí a ndéanaimid cinntí, agus faoi na cultúir a chothaímid i seomraí ranga, in oifigí, sna pasáistí, agus i spásanna ar líne, agus ar fud ár gcampas.

Cuireann siad brí leis an smaoineamh atá taobh thiar de theideal ár bplean. Ní rud é conair a dtaistealaítear amháin é, gan féachaint mórtimpeall - ní mór é a shoilsiú leis an tsoiléireacht, an misneach, agus an cuspóir comhroinnte. Agus ní fhanann go héighníomhach ar na cineálacha todhchaí — *aimsítear* iad agus múnlaítear iad tríd an gcomhshamhlaíocht, tríd an bhfreagracht agus trí iarracht pobail a bhfuil a fhios aige cad dó a seasann sé, agus cé dó a bhfónann sé.

Is éard is toradh dár luachanna le linn dúinn dul i ngleic leis an éiginnteacht ná a chinntiú go ndéanaimid amhlaidh le sláine, le humhlaocht agus le huaillmhian ar mhaithe leis an leas coiteann. Is iad sin:

Barr Feabhais Acadúil, Cuardach na Fírinne agus an Traidisiún Intleachtúil Caitliceach
Saothraímid an t-eolas le misneach, ionracas, eitic, macántacht intleachtúil, agus

doimhneacht léirmhínteach, agus aithnímid an fhírinne mar shaothrú na hiarrachta comhroinnte ar gá í don daonlathas, don cheartas agus do bhláthú an duine.

Dínit an Duine

Dearbhaímid fiúntas bunúsach gach duine, agus cruthaímid timpeallachtaí ina n-urramaítear daoine, ina dtacaítear leo agus ina gcuirtear ar a gcumas dóibh fás.

Aire & Caidreamhachas

Gníomhaímid le cúram dá chéile, dár bpobal, agus dár mbaile comónta, agus aithnímid idirspheáchas daoine, áiteanna, agus an phláinéid.

Ceartas Sóisialta & Éagsúlacht

Táimid tiomanta don chomhionannas, don éagsúlacht, don chuimsiú agus don idirchultúrthacht, don fhreagracht shóisialta, agus do dheireadh a chur le bacainní struchtúracha a chuireann teorainn le rannpháirtíocht nó le féidearthacht.

Samhlaíocht & Cruthaitheacht

Cothaímid an tsamhlaíocht agus na hacmhainneachtaí cruthaitheacha is gá chun cineálacha todhchaí daonnúla inbhuanaithe a shamhlú agus a mhúnlú, go háirithe le linn tréimhsí éiginnteachta.

Sláine i Rialachas ár nAcmhainní

Rialaímid úsáid ár n-acmhainní —acmhainní intleachtúla, cultúrtha, acmhainní airgeadais, acmhainní comhshaoil— le freagracht, le trédhearcacht agus le cuspóir fadtéarmach.

Pobal & Muintearas

Cuirimid chun cinn cultúr nasc, coláisteachais, agus cuspóir comhroinnte áit a mbíonn bláthú ar mhic léinn agus ar bhaill foirne agus iad ina gcuid de phobal acadúil beoga.

Teagmháil Dhaonnúil leis an Teicneolaíocht

Téimid i ngleic le teicneolaíochtaí ar bhealaí a théann chun tairbhe don bhreithiúnas daonna, don dínit, don chruthaitheacht, agus don fhreagracht eiticiúil.

Tiomantas do Pháistí & do na Glúnta atá le Teacht

Aithnímid an t-oideachas mar ghníomh ó ghlúin go glúin agus seasaimid lenár bhfreagracht cineálacha todhchaí a mhúnlú inar féidir le leanaí agus daoine óga barr a réime a bhaint amach trínár ngníomhaíochtaí agus trí eolas a chruthú agus a scaipeadh gan srian ó bhreithnithe tráchtála

VI. Ár Spriocanna

Treo 1: Cúram Beo, Baile Comónta

Conair 1: Teagasc, Foghlaim & Inniúlachtaí

Faoi **Cúram Beo, Baile Comónta**, déanann an Chonair maidir le Teagasc, Foghlaim agus inniúlacht na gnéithe caidreamhacha, eiticiúla agus éiceolaíocha den oideolaíocht a chur chun tosaigh.

Iarrann an lionsa sin ar CMgS timpeallachtaí foghlama a chothú nach dálaí forimeallacha iad an muintearas, an chothroime, an inbhuanaitheacht agus dínit an duine ach gur bunchlocha don fhorbairt intleachtúil iad. Cuireann sé athfhráma ar inniúlachtaí — inniúlachtaí digiteacha, eiticiúla, sibhialta, cultúrtha, atá dírithe ar an inbhuanaitheacht — mar chumais chun dea-bheatha a shaothrú i ndomhan comhroinnte, agus cuireann sé i bhfios go láidir gur cleachtas cúraim é an teagasc agus go dtagann an fhoghlaim chun cinn laistigh de chórais idirnasctha éiceolaíocha agus shóisialta.

Tiomantais

- Curaclaim a athnuachan chun muintearas, cúram, inbhuanaitheacht, cuimsiú cultúrtha agus freagracht shibhialta a fhí isteach mar chroíphrionsabail oideolaíocha.
- Cleachtais oideolaíocha a neartú lena dtugtar tús áite do ghníomhaireacht foghlaiméoirí, don teagasc caidreamhach, don dearadh uilíoch agus don measúnú cuimsitheach.
- Inniúlachtaí atá dírithe ar chineálacha todhchaí — cineálacha eiticiúla, sibhialta, cruthaitheacha, digiteacha, éiceolaíocha — a chomhtháthú i ngach clár trí mhapáil chomhleanúnach curaclaim.
- Eispéiris foghlama idirdhisciplíneacha a mbaineann saibhreas cleachtas leo a chur chun cinn lena nasctar mic léinn le pobail, le cultúir agus le timpeallachtaí.
- Tacú le hoideoirí fealsúnachtaí teagaisc atá caidreamhach, éiceolaíoch agus dírithe ar an gceartas a fhorbairt tríd an bhfoghlaim ghairmiúil agus an scoláireacht ghairmiúil.
- Comhleanúnachas a chothú idir cultúr an champais agus cleachtas an tseomra ranga ionas go mbeidh luachanna an chúraim, an chuimsithe agus na hinbhuanaitheachta le brath ar fud na spásanna foghlama uile.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- Taithí a bheith ag mic léinn ar thimpeallachtaí foghlama arb iad a bpríomhthréithe muintearas, cothroime, inbhuanaitheacht agus meas ar fhéiniúlachtaí éagsúla.
- Curaclaim a shíneann thar dhámha a dhéanann inniúlachtaí na todhchaí agus oideolaíochtaí caidreamhacha a chomhtháthú go feiceálach.
- Cleachtais teagaisc a léiríonn dearadh uilíoch, gníomhaireacht foghlaiméoirí, agus measúnú cuimsitheach.
- Modúil idirdhisciplíneacha nuálacha a neartaíonn an fheasacht shibhialta,

chultúrtha agus éiceolaíoch.

- Baill foirne a léiríonn muinín mhéadaithe san oideolaíocht atá dírithe ar an gceartas agus atá cúrambhunaithe.
- Comhpháirtithe seachtracha a aithníonn CMgS mar cheannaire i ndáil le hoideachas múinteoirí atá faoi thionchar na hinbhuanaitheachta.

Conair 2: Aistear na Mac Léinn, Claochlú & Bláthú

Faoi **Cúram Beo, Baile Comónta**, tuigtear gur aistear caidreamhach é eispéireas an mhic léinn arb iad timpeallachtaí cúraim, nascaireachta, dínite agus cuspóra a mhúnlaíonn é. Ceanglaíonn an lionsa sin ar CMgS dálaí a chruthú ina mbraitheann mic léinn muintearas domhain, dálaí ina dtacaítear go gníomhach leis an bhfolláine, agus ina ndéantar gnéithe acadúla, sóisialta, mothúchána agus cultúrtha na foghlama a chomhtháthú. Ní rud teagmhasach é an bláthú teagmhasach ach cuspóir lárnach oideachais.

Tiomantais

- Creat Rathúlachta Mac Léinn atá caidreamhach agus cuimsitheach agus atá bunaithe ar dhínit, ar chúram agus ar ghníomhaireacht mac léinn a chur chun feidhme.
- Neartú a dhéanamh ar an luathfholáireamh, ar an bpiarmheantóireacht agus ar an aistriú ar bhealach a chothaíonn leanúnachas, muinín agus muintearas.
- Foghlaim chomhchuraclaim agus foghlaim a bhíonn i dteagmháil leis an bpobal a leathnú ar bhealach lena gcothaítear féiniúlacht, cuspóir agus ceannaireacht.
- Feabhas a chur ar sheirbhísí meabhairshláinte, folláine agus inrochtaineachta trí thacaíochtaí comhtháite ar fud an champais.
- Timpeallachtaí digiteacha a dhearadh lena dtreisiú cuimsiú, muintearas agus neamhspleáchas mac léinn.
- Guth na mac léinn a fhí isteach sa chinnteoireacht institiúideach chun a áirithiú go léireofar riachtanais agus eispéiris éagsúla i saol an Choláiste.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- Mic léinn a thuairiscíonn mothú an mhuintearais, muinín agus nasc leanúnach ar feadh a n-aistir ar fad.
- Córais luathfholáirimh agus idirghabhálacha tacúla lena laghdaítear éagothromaíochtaí maidir le dul chun cinn agus coinneáil.
- Rannpháirtíocht chomhchuraclaim a thagann chun bheith ina gné shainiúil d'eispéireas an mhic léinn in CMgS.
- Seirbhísí folláine a fheidhmíonn laistigh de shamhail cúraim campais atá comhleanúnach agus cuimsitheach.
- Córais dhigiteacha a thacaíonn le hoideolaíocht chaidreamhach, cuimsiú, agus tacaíocht thráthúil do mhic léinn.
- Guth mac léinn ar léir go múnlaíonn sé beartas institiúideach agus forbairt cláir.

Conair 3: Taighde, Nuálaíocht & Comhroinnt Eolais

Taighde agus nuáil a dtuigtear fúthu gur gníomhartha sibhialta a chuireann le folláine pobal, cultúr agus éiceachóras agus a bhféachtar orthu i bhfianaise **Cúram Beo, Baile Comónta**. Scoláireacht a bhíonn ina modh cúraim: tuiscint a dhoimhniú, ceartas a leathnú, cuimsiú a chothú, agus aghaidh a thabhairt ar na dálaí a chuireann ar chumas daoine agus timpeallachtaí bláthú.

De réir an lionsa sin, is leas poiblí é an taighde, rud a neartaíonn ról CMgS in éiceolaíochtaí eolais réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tiomantais

- Tacú le taighde lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shóisialta, chultúrtha, oideachais agus éiceolaíocha, go háirithe dúshláin a mhúnlaíonn folláine leanaí agus pobail.
- Cultúir taighde idirdhisciplíneacha a chothú atá bunaithe ar an gcruthaitheacht, ar an gcuimsiú agus ar an rannpháirtíocht eiteiciúil.
- Neartú a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí le scoileanna, pobail, institiúidí cultúrtha agus comhlachtaí sibhialta a chun eolas a chomhchruthú.
- Infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt taighdeoirí agus béim á leagan ar an eitic, ar an scoláireacht phoiblí agus ar thionchar an phobail.
- Feabhas a chur ar struchtúir a thacaíonn leis an gcomhar, comhroinnt eolais oscailte, agus nuálaíocht atá freagrach go sóisialta.
- Clár oibre taighde CMgS a shuí laistigh de dhíospóireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir leis an inbhuanaitheacht, ceartas agus athléimneacht an phobail.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- CMgS a bheith ag saothrú taighde a chuireann go follasach le folláine phobail, folláine chultúrtha, folláine oideachais agus folláine éiceolaíoch.
- Braislí taighde idirdhisciplíneacha atá dírithe ar an gceartas agus a thuilleann infheictheacht agus aitheantas seachtrach.
- Comhpháirtíochtaí taighde atá rannpháirteach sa phobal a chur ar bhonn foirmiúil agus a scálú.
- Léiríonn taighdeoirí cumais neartaithe maidir leis an eitic, fiosrúchán cruthaitheach agus rannpháirtíocht an phobail.
- Comhar méadaithe thar institiúidí agus earnálacha a fheabhsaíonn an tionchar sóisialta.
- Aitheantas do CMgS mar cheannaire sa taighde lena dtugtar aghaidh ar an óige, ar chúram pobail agus ar chineálacha todhchaí inbhuanaithe.

Conair 4: Comhpháirtíochtaí, Pobal & Tionchar

Faoi **Cúram Beo, Baile Comónta**, déantar caidrimh chómhálartacha de chomhpháirtíochtaí atá bunaithe ar chúram, ar cheartas, ar chuspóir comhroinnte, agus ar urraim do phobail agus

do thimpeallachtaí. Rannpháirtíocht nach mar fhor-rochtain a dhéantar é a lipéadú ach mar rannchuidiú frithpháirteach, ina nglacann scoileanna, pobail, institiúidí cultúrtha, eagraíochtaí sibhialta agus comhpháirtithe domhanda páirt mar chomhchruthaitheoirí an chlaochlaithe oideachais agus shóisialta.

Tiomantais

- Neartú a dhéanamh ar líonraí scoile cómhalartacha a thacaíonn leis an bhfiosrúchán comhroinnte, nuálaíocht chomhdheartha, agus foghlaim atá bunaithe ar chleachtas.
- Comhpháirtíochtaí réigiúnacha a leathnú lena bhfeabhsaítear an fholláine shibhialta, an bheogacht chultúrtha agus an fhorbairt áitbhunaithe.
- Comhpháirtíochtaí pobail a thógáil a bheidh dírithe ar an inbhuanaitheacht, ar an gcuimsiú agus ar an maoirseacht chomhshaoil.
- Comhar fadtéarmach a fhorbairt le heagraíochtaí cultúrtha, sibhialta agus idirnáisiúnta atá i gcomhréir le misean CMgS.
- Deiseanna foghlama atá i dteagmháil leis an bpobal a mhéadú ar fud na gclár.
- Struchtúir a bhunú chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar sóisialta agus cultúrtha chomhpháirtíochtaí CMgS agus chun an tionchar sin a thaispeáint.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- Líonraí scoile a fheidhmíonn mar phobail bhríomhara chleachtais a bhfuil torthaí comhroinnte intomhaiste acu.
- Comhpháirtíochtaí réigiúnacha a chuireann le folláine an phobail agus le beocht chultúrtha.
- CMgS a bheith ina hinstiúid aitheanta réigiúnach le haghaidh na hinbhuanaitheachta agus an chuimsithe.
- Foghlaim atá i dteagmháil leis an bpobal a dhéantar a chomhtháthú i gcuraclaim ar fud na ndisciplíní.
- Comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a léiríonn luach cómhalartach soiléir agus ailíniú le misean CMgS.
- Creataí tionchair a léiríonn raon feidhme agus luach sochaíoch rannpháirtíocht shibhialta CMgS.

Conair 5: Daoine, Áit & Saol ar an gCampas

Trí lionsa **Cúram Beo, Baile Comónta**, is éard atá sa champas ná éiceolaíocht bheo ina dtrasnaíonn ailtireacht, cultúr, luachanna agus caidrimh. Chuige sin, ní mór do CMgS infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt foirne, i bhfolláine, i mbonneagar inbhuanaithe, agus i gcultúr cúraim a mhúnlaíonn an t-eispéireas laethúil agus an fhéiniúlacht institiúideach fhadtéarmach araon.

Ní mar thimpeallacht fhisiciúil amháin a thuigtear an áit ach mar spás cultúrtha, caidreamhach agus éiceolaíoch.

Tiomantais

- Infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt foirne, i bhfolláine agus i struchtúir aitheantais atá bunaithe ar an dínit agus ar an gceannaireacht chaidreamhach.
- Timpeallachtaí campais fisiciúla agus digiteacha a fheabhsú chun an inbhuanaitheacht, an inrochtaineacht agus dearadh ina bhfuil an duine lárnach a léiriú.
- Neartú a dhéanamh ar an gcultúr idirinstiúideach trí chleachtais a thacaíonn leis an gcomhleanúnachas, an cuimsiú, agus an cuspóir comhroinnte.
- An Máistirphlean Campais a chur chun cinn mar shamhail den inbhuanaitheacht réamhghníomhach fhreagrach agus de rannpháirtíocht an phobail.
- Neartú a dhéanamh ar rialachas airgeadais freagrach agus trédhearcach, lena n-áirítear go n-úsáidfear acmhainní ar bhealach inbhuanaithe agus i gcomhréir lenár misean, agus a bheith ag saothrú sruthanna ioncaim éagsúlaithe atá ailínithe le misean go gníomhach lasmuigh den Státchiste — lena n-áirítear deiseanna daonnachtúla, tráchtála, idirnáisiúnta agus atá bunaithe ar an gcomhpháirtíocht — chun athléimneacht fhadtéarmach an Choláiste agus a chumas aire a thabhairt dá mhuintir, dá áit agus dá thimpeallacht chomhroinnte a fheabhsú.
- Rialachas comhroinnte agus comhar coláisteach a threisiú ar fud dámha agus seirbhísí.
- Tionscnaimh a fhorbairt ar fud an champais lena gcothaítear an muintearas agus an bheogacht chultúrtha.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- Taithí a bheith ag baill foirne le deiseanna neartaithe maidir le muintearas, aitheantas agus forbairt.
- Spásanna campais a bheith ina samhlacha den inbhuanaitheacht, den inrochtaineacht agus den dearadh ina bhfuil an cúram lárnach.
- Comhleanúnachas, cuspóir comhroinnte agus comhar measúil a bheith ina saintréithe den chultúr instiúideach.
- É a bheith soiléir a mhéad a chuireann tionscadail an Máistirphlean Campais feabhas ar fheidhmíocht chomhshaoil agus ar an nasc pobail.
- An mhuinín, an trédhearcacht agus an rannpháirtíocht choláisteach neartú le struchtúir rialachais.
- É a bheith soiléir go bhfuil rialachas airgeadais láidir, trédhearcach agus faoi stiúir na hinbhuanaitheachta, agus go gcinnteodh an Coláiste meascán ioncaim atá níos leithne níos athléimní, ioncam a shíneann thar chistiú Státchiste, a neartaíonn an chobhsaíocht instiúideach, a thacaíonn leis an infheistíocht straitéiseach, agus a chuireann ar chumas CMgS a phobal agus a champas a stiúradh go muiníneach.
- Beocht a thabhairt do shaol an champais agus cur leis an bhféiniúlacht phobail trí shaol cultúrtha saibhríthe.

Faoi **Cúram Beo, Baile Comónta**, leagtar an rannpháirtíocht dhomhanda amach mar rud caidreamhach, eiticíúil atá bunaithe ar an urraim fhrithpháirteach. Éilíonn an lionsa sin ar CMgS an t-idirnáisiúnú a shaothrú mar thiomantas don cheartas domhanda, don tuiscint idirchultúrtha, don inbhuanaitheacht agus don fhreagracht as ár dtodhchaí chomhroinnte phláinéadach, seachas mar shoghluaisteacht amháin.

Maidir le comhpháirtíochtaí, déantar díobh conairí don fhoghlaím chomhroinnte, do chúram do phobail, agus do chomhchruthú todhchaí daonnachtúla.

Tiomantais

- Leathnú a dhéanamh ar eispéiris soghluaisteachta idirnáisiúnta lena bhforbraítear inniúlacht idirchultúrtha, litearthacht dhomhanda agus freagracht shóisialta.
- Comhpháirtíochtaí a chothú le hinstiúidí a roinneann gealltanais CMgS maidir le cúram, inbhuanaitheacht, cuimsiú agus cuspóir daonlathach.
- Cláir thrasnáisiúnta agus comhar taighde a fhorbairt lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin dhomhanda.
- Foghlaim dhomhanda agus idirchultúrtha a fhí isteach ar fud na gcuraclam agus na gclár comhchuraclaim.
- Tacú le baill foirne líonraí idirnáisiúnta, deiseanna taighde agus soghluaisteacht ghairmiúil a fhorbairt.
- Eispéireas mac léinn idirnáisiúnta a fheabhsú trí thacaíochtaí iomlánaíocha atá freagrúil ó thaobh an chultúir de.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- Mic léinn a bhaineann céimeanna amach agus inniúlachtaí láidre domhanda, cumais idirchultúrtha agus feasacht eiticíúil acu.
- Comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ag CMgS a léiríonn luach cómhálartach soiléir agus tiomantais chomhroinnte.
- Cláir thrasnáisiúnta agus comhar taighde a thugann aghaidh ar dhúshláin dhomhanda.
- Foghlaim idirchultúrtha agus dhomhanda a bheith le feiceáil ar fud na gcuraclam.
- Soghluaisteacht foirne a mhéadaíonn agus a neartaíonn líonraí institiúideacha.
- Mic léinn idirnáisiúnta a théann i dtaithí ar mhuintearas, ar thacaíocht agus ar lánpháirtiú domhain i saol CMgS.

Treo 2: Acmhainneacht an Duine, Teicneolaíochtaí an Duine

Conair 1: Teagasc, Foghlaim & Inniúlachtaí

Laistigh d'**Acmhainneacht an Duine, Teicneolaíochtaí an Duine**, cuireann Teagasc, Foghlaim & Inniúlachtaí chun tosaigh gnéithe eiticíúla, eipistéimeacha agus cruthaitheacha

na foghlama i ndomhan atá sáithithe go digiteach. Áitíonn an lionsa sin gurb é cuspóir an oideachais acmhainneacht an duine a chothú — an breithiúnas, an tsamhlaíocht, an comhbhá, an léargas criticiúil — agus nach mór don teicneolaíocht leanúint de bheith ag fónamh do na cumais sin seachas iad a shainiú.

Cuireann sé i bhfios go láidir gur cheart go gcuirfeadh uirlisí digiteacha leis an ngníomhú daonna, an fhiosracht agus an fhoghlaím chaidreamhach.

Dá bhrí sin, éilíonn sin ar CMgS timpeallachtaí a chruthú ina bhforbraíonn mic léinn na hinniúlachtaí, an fheasacht eiticiúil, agus na hacmhainneachtaí léirmhínitheacha is gá chun dul i ngleic go tuisceanach le córais atá ag éirí níos casta de réir a chéile, agus san am céanna cumais dhaonna níos leithne a chothú nach féidir iad a laghdú go scil theicneolaíoch.

Is í an oideolaíocht an láthair ina ndéantar samhltú agus cleachtadh ar an teagmháil dhaonnúil leis an teicneolaíocht atá bunaithe ar luachanna, í fréamhaithe i gcónaí ar thosaíochtaí an fháis agus an bhláthaithe dhaonna.

Tiomantais

- Inniúlachtaí eiticiúla, cruthaitheacha, sibhialta agus digiteacha a fhí isteach lena gcumhachtaítear do mhic léinn a bheith ag smaoineamh go criticiúil agus a bheith gníomhú go breithiúnach i gcomhthéacsanna casta.
- Tús áite a thabhairt do chleachtais oideolaíocha lena ndírítear ar ghníomhú an duine, ar an tsamhlaíocht, ar an gcaidreamh agus ar an bhfoghlaim mhachnamhach.
- Deiseanna foghlama idirdhisciplíneacha a thógáil lena bhfiosraítear na gnéithe coiteanna idir an teicneolaíocht agus an cultúr, an fhéiniúlacht, an comhshaol agus an tsochaí.
- Tacaíocht a thabhairt don fhoireann chun oideolaíochtaí a fhorbairt lena gcothaítear acmhainneacht an duine agus, san am céanna, úsáid a bhaint as an teicneolaíocht go heiticiúil, go freagrach, agus ó dhearcadh a bhfuil bonn maith eolais faoi.
- Cinnte a dhéanamh go ndéantar timpeallachtaí foghlama — idir dhigiteach agus fhisiciúil — chun tacú leis an mbláthú, neamhspleáchas agus inrochtaineacht an duine, agus go bhfuil siad ailínithe go hiomlán leis an éiteas is bonn lenár gCreat Tacaíochta do Mhic Léinn.
- Prionsabail shoiléire a bhunú maidir le húsáid fhreagrach IS lena gcosnaítear breithiúnas an duine, an chruthaitheacht agus an t-ionracas acadúil.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- Mic léinn a léiríonn inniúlachtaí digiteacha agus criticiúla atá dírithe ar an duine agus atá bunaithe ar an bhfeasacht eiticiúil agus ar an mbreithiúnas eiticiúil.
- Teagasc a léiríonn an rannpháirtíocht chaidreamhach, fhreagrach, shamhlaíoch atá bunaithe ar an teagmháil leis an teicneolaíocht atá bunaithe ar luachanna.
- Modúil idirdhisciplíneacha lena ndoimhnítear tuiscint na mac léinn ar impleachtaí

daonna agus sochaíocha na teicneolaíochta.

- Baill foirne a léiríonn cumas agus muinín mhéadaithe san oideolaíocht dhigiteach.
- Spásanna foghlama a chuireann an ghníomhaireacht, an chruthaitheacht agus an fholláine chun cinn go comhsheasmhach, agus ar léir orthu gur daoine a dhear iad.
- Tá prionsabail agus coimircí eiticiúla IS leabaithe ar fud na gclár agus tuigtear do bhaill foirne agus do mhic léinn iad, rud a chosnaíonn sláine acadúil agus a chothaíonn úsáid fhreagrach.

Conair 2: Aistear na Mac Léinn, Claochlú & Bláthú

Laistigh d'**Acmhainneacht an Duine, Teicneolaíochtaí an Duine**, tuigtear gur stua forbartha é aistear na mac léinn ina bhfuil ról tacaíochta ag an teicneolaíocht maidir leis an neamhspleáchas, an muintearas, an fholláine agus cuspóir a chothú. Ní mar fhórsa a chinneann féiniúlacht nó taithí na mac léinn a léirítear an teicneolaíocht sa lionsa sin, ach mar aon tionchar amháin i measc go leor tionchar eile ar mar a mhúnlaítear an chaoi a bhfoghlaímíonn, a nascann agus a samhlaíonn na mic léinn iad féin ar fud an domhain.

Iarrann an lionsa sin ar CMGS córais, tacaíochtaí agus timpeallachtaí a dhearadh lena gcosnaítear gníomhaireacht mac léinn, lena gcothaítear nasc caidreamh, agus lena gcuirtear borradh faoin saol.

Ní mór struchtúir dhigiteacha a bheith daonnúil, eiticiúil agus ní mór iad a bheith ag cumasú leo — ní mór dóibh gan bheith laghdaitheach ná cinnteach riamh — ionas gur féidir le mic léinn muinín, athléimneacht, cruthaitheacht agus braistint láidir féinmhuiníne a fhorbairt.

Tiomantais

- Córais dhigiteacha tacaíochta do mhic léinn a dhearadh a sheasann le dínit, neamhspleáchas agus rannpháirtíocht chaidrimh.
- Cleachtais sonraí a rialaítear go heiticiúil a chur chun feidhme, lena n-áirítear anailísíocht luathfholáirimh lena bhfeabhsaítear tacaíocht do mhic léinn gan méadrachtaí loma a dhéanamh díobh, agus a thacaíonn le muinín agus folláine na mac léinn.
- Tionscnaimh rathúla a neartú — dea-bhail, muintearas, muinín, forbairt féiniúlachta — ar fud spásanna digiteacha agus fisiciúla.
- Cur le deiseanna comhchuraclaim don chruthaitheacht, do réiteach fadhbanna, don nuálaíocht dhigiteach agus don fhoghlaim idirdhisciplíneach.
- Cinnte a dhéanamh de go dtreisíonn gach pointe teagmhála digiteach eispéireas mac léinn a bheidh comhleanúnach, daonnúil agus inrochtana.
- Guth mic léinn struchtúrtha a fhí isteach i gcomhdhearadh timpeallachtaí digiteacha, ardán, anailísíochtaí agus córas tacaíochta.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- Mic léinn a bhraitheann ar chórais dhigiteacha mar chórais chumhachtaithe, dhaonnachtúla agus chaidreamhacha, seachas córais idirbheartaíochta.
- Córais luathfholáirimh agus anailísíochta a chuireann feabhas ar thacaíocht agus, san am céanna, cloí le dianchaighdeáin chomhlíontachta agus an príobháideachas, an dínit agus an ghníomhaireacht a chosaint, agus tá baill foirne muiníneach as ateangaireacht eiteiciúil a dhéanamh ar shonraí mac léinn agus as na sonraí sin a úsáid.
- Bláthú na mac léinn a bheith ina ghné shainiúil intomhaiste d'eispéireas CMgS.
- Eispéiris dhigiteacha agus chruthaitheacha chomhchuraclaim a leathnaíonn tuiscint na mac léinn ar fhéidearthachtaí.
- Seirbhísí agus ardáin dhigiteacha a léiríonn comhleanúnachas, soiléireacht agus dearadh ina bhfuil an duine lárnach.
- Guth na mac léinn ar léir go múnlaíonn sé dearadh agus rialú na gcóras digiteach.

Conair 3: Taighde, Nuálaíocht & Comhroinnt Eolais

Laistigh d'**Acmhainneacht an Duine, Teicneolaíochtaí an Duine**, taighde agus nuálaíocht a dhíríonn ar dtús ar thuiscint an duine, ar an tsamhlaíocht eiteiciúil agus ar an bhfolláine shochoíoch a chur chun cinn. Tuigtear gur gníomhaí fiosrúcháin í an teicneolaíocht agus gur bealach í chun na féidearthachtaí a bhaineann le hobair scolártha a leathnú — ach nach críoch ann féin í riamh.

Seasann an lionsa sin do mhisean taighde CMgS ar bhonn léargas daonna níos doimhne: tuiscint a fháil ar an gcaoi a múnlaíonn córais dhigiteacha an cultúr, an fhéiniúlacht, an óige, an fhoghlaím agus an tsochaí; cineálacha todhchaí malartacha a shamhlú; agus eolas a chur ar fáil a thacaíonn le pobail dul i ngleic leis an athrú.

Iarrann sé go mbeadh cultúir thaighde ann atá bunaithe ar an gcruthaitheacht, ar an eitic, ar an idirdhisciplíneacht, agus ar bhláthú an duine a shaothrú.

Tiomantais

- Taighde a chur chun cinn agus tacú leis, ar taighde é lena bhfiosraítear na himpleachtaí daonna, cultúrtha, oideachais agus sochoíocha a bhaineann leis an gclaochlú teicneolaíoch.
- Cultúir taighde idirdhisciplíneacha a neartú atá bunaithe ar an tsamhlaíocht eiteiciúil agus ar fhiosrúchán atá dírithe ar an duine.
- Éiceachórais nuálaíochta a fhorbairt lena dtugtar tús áite don tionchar sóisialta, don bheocht chultúrtha agus d'fholláine an duine thar réitigh atá go hiomlán teicniúil.

- Infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt taighdeoirí atá dírithe ar mhodhanna digiteacha, ar chreataí eiticiúla agus ar rannpháirtíocht an phobail.
- Bonneagair dhigiteacha a fheabhsú lena gcumasaítear cleachtais taighde chomhoibríocha, fhreagracha agus oscailte, ar bhonn rialachas freagrach sonraí agus coimircí láidre do rannpháirtithe daonna.
- Leathnú a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí taighde idirnáisiúnta lena dtugtar aghaidh ar dhúshlán dhomhanda chomhroinnte maidir leis an teicneolaíocht agus leis an gcine daonna.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- Aitheantas do CMgS le haghaidh taighde a neartaíonn tuiscint an duine agus rannpháirtíocht eiticiúil leis an athrú teicneolaíoch.
- Braislí idirdhisciplíneacha a thugann léargais nua ar an óige, ar an oideachas, ar an gcultúr agus ar an tsochaí i gcomhthéacsanna digiteacha.
- Tionscadail nuálaíochta a léiríonn tairbhe shoiléir dhaonna, shóisialta nó chultúrtha.
- Taighdeoirí a bhfuil rochtain acu ar uirlisí digiteacha agus ar struchtúir rialachais a thacaíonn le fiosrúchán freagrach.
- Aschuir scolártha a chuireann go fóinteach le díospóireacht phoiblí agus le comhthéacsanna beartais, lena n-áirítear an tsochaí dhigiteach agus struchtúir shóisialta, an eitic, an chruthaitheacht, agus tionchar claochlaitheach an oideachais.
- Comhair idirnáisiúnta a leathnaíonn rannchuidiú CMgS le cineálacha todhchaí digiteacha atá dírithe ar an duine.

Conair 4: Comhpháirtíochtaí, Pobal & Tionchar

Laistigh d'**Acmhainneacht an Duine, Teicneolaíochtaí an Duine**, is spásanna comhroinnte iad comhpháirtíochtaí chun breithiúnas an duine, athléimneacht dhigiteach agus acmhainneacht shibhialta a chothú. Ní fhéachtar ar an teicneolaíocht mar rud atá i gcoilár an phobail, ach mar choinníoll a mhúnlaíonn saol an phobail: is iad an caidreamh, an cultúr, an chruthaitheacht agus an ceartas na príomhspreagthaí tionchair i gcónaí. Seasann an lionsa sin do CMgS mar chomhoibrí a chuidíonn le scoileanna, pobail, institiúidí sibhialta agus comhpháirtithe idirnáisiúnta ó thaobh na cumais is gá a fhorbairt chun go mbainfidh siad barr a réime amach i ndomhan atá casta — ag tacú leis an tsaoránacht dhigiteach eiticiúil in éineacht leis na hacmhainneachtaí daonna níos leithne lena gcothaítear an daonlathas, an cultúr agus an nasc sóisialta.

Tiomantais

- Neartú a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí lena gcuirtear saoránacht eiticiúil chun cinn in éineacht le hacmhainneachtaí sibhialta, cultúrtha agus cruthaitheacha, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar an gclaochlú teicneolaíoch agus ar an tsochaí dhigiteach atá ag teacht chun cinn.

- Tacú le scoileanna agus le heagraíochtaí pobail dul i ngleic leis an athrú teicneolaíoch gan dearmad a dhéanamh ar an nasc idir an duine agus an fholláine.
- Comhair a thógáil lena dtugtar aghaidh ar an neamhionannas digiteach agus caipiteal oideachais, cultúrtha agus sóisialta á dhoimhniú ag an am céanna.
- Forbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a bheidh bunaithe ar bhláthú an duine, ar an gceartas agus ar an bhfreagracht chomhroinnte.
- Foghlaim atá rannpháirteach sa phobal a fhí isteach chun gnéithe gaolmhara, cultúrtha agus eiticiúla den athrú teicneolaíoch a chur chun tosaigh.
- Córais a bhunú chun meastóireacht agus cumarsáid a dhéanamh ar thionchar daonna agus sibhialta chomhpháirtíochtaí CMgS.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- Scoileanna agus pobail a fhorbraíonn cumais níos láidre sa rannpháirtíocht dhigiteach eiticiúil, chruthaitheach agus chriticiúil.
- Comhpháirtíochtaí a rannchuidíonn leis an bhfolláine, an rannpháirtíocht shibhialta agus an beogacht chultúrtha fheabhsaithe.
- CMgS a bheith ina hinstitiúid aitheanta réigiúnach le haghaidh na teagmhála eiticiúla leis an teicneolaíocht agus ina bhfuil an duine lárnach.
- Foghlaim phobalbhunaithe a leathnaíonn cumais shibhialta agus chaidreamhacha na mac léinn.
- Aitheantas do CMgS mar cheannaire san intleacht shaorga fhreagrach agus sa teagmháil dhigiteach eiticiúil leis an oideachas.
- Meastóireachtaí a léiríonn an luach cultúrtha, sóisialta agus sibhialta a bhaineann le teagmháil CMgS leis an bpobal.

Conair 5: Daoine, Áit & Saol ar an gCampas

Laistigh d'**Acmhainneacht an Duine, Teicneolaíocht an Duine**, tuigtear an saol ar an gcampas mar an éiceolaíocht ina saothraítear acmhainneacht an duine gach lá. Múnlaíonn an teicneolaíocht gnéithe den timpeallacht sin ach ní shainmhínítear í; is iad caidrimh, an cultúr, an chruthaitheacht agus cuspóir comhroinnte croílár an tsaoil ar an gcampas i gcónaí.

Leis an lionsa sin, éilítear ar CMgS cumas foirne, cultúr eagraíochtúil, agus spásanna fisiciúla agus digiteacha a fhorbairt a thacaíonn le bláthú an duine, an neamhspleáchas agus an rannpháirtíocht eiticiúil. Is mar a chéile an luach a leagann sé ar an bhfolláine, ar an inbhuanaitheacht, ar an gcoláisteacht agus ar an muinín dhigiteach — aithníonn sé gurb iad daoine agus an áit na fréamhacha óna bhfásann gach cuspóir oideachais.

Tiomantais

- Cumas ball foirne a fhorbairt le haghaidh na rannpháirtíochta eiticiúla, shamhlaíche ina bhfuil an duine lárnach in éineacht leis an teicneolaíocht, an cheannaireacht, an nuálaíocht agus an glacadh oideolaíoch.
- Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar digiteach agus fisiceach agus éiteas dearaidh ina bhfuil an duine lárnach, a thacaíonn leis an bhfolláine, an inrochtaineacht, an chruthaitheacht agus an inbhuanaitheacht.
- Neartú a dhéanamh ar an gcultúr idirinstiúideach trí chleachtais a sheasann leis an dínit, an neamhspleáchas, agus an cuspóir comhroinnte.
- Creataí eiticiúla a fhí isteach chun teicneolaíocht a ghlacadh ar fud an rialachais agus na cinnteoireachta.
- Eispéireas úsáideoirí agus comhleanúnachas na gcóras digiteach campais a fheabhsú.
- Pobail chleachtais a chothú a thacaíonn leis an bhfás gairmiúil agus leis an gclaochlú digiteach daonnúil.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- Méadú suntasach ar chumas ball foirne agus ar a muinín as rannpháirtíocht dhaonnúil theicneolaíoch.
- Spásanna campais atá ina samhlacha den inbhuanaitheacht, den inrochtaineacht agus den dearadh ina bhfuil an cúram lárnach.
- Cultúr na heagraíochta a léiríonn dínit, muinín, neamhspleáchas agus coláisteachas.
- Struchtúir rialachais a áiríonn cinnteoireacht theicneolaíoch eiticiúil thrédhearcach atá bunaithe ar luachanna.
- Córais dhigiteacha atá comhleanúnach, iomasach agus a thacaíonn le sreafaí oibre ina bhfuil an duine lárnach.
- Pobail chleachtais a chabhraíonn le cultúr cruthaitheachta, foghlama agus claochlaithe dhigitigh a chur chun cinn.

Conair 6: Saoránaigh de chuid an Domhain & Naisc Tras-Náisiúnta

Laistigh d’**Acmhainneacht an Duine, Teicneolaíochtaí an Duine**, leagtar rannpháirtíocht dhomhanda amach i líonraí idirchultúrtha, eiticiúla agus caidrimh ina ndéanann an teicneolaíocht an nascaireacht a éascú ach nach dtagann in ionad teagmháil ná tuiscint an duine.

Is é an sprioc dheiridh forbairt a dhéanamh ar shaoránaigh dhomhanda ar féidir leo dul i ngleic leis an gcastacht chultúrtha i ndomhan atá ag athrú ó bhonn — áit a bhfuil cumais dhigiteacha fíor-riachtanach gan bheith iomarcach — leis an tsláine, leis an gcruthaitheacht, leis an umhlaíocht agus leis an bhfeasacht chriticiúil.

Leis an lionsa sin, cuirtear an t-idirnáisiúnú chun cinn mar chleachtas lena neartaítear féidearthacht an duine:

samhlaíocht a leathnú, comhbhá a dhoimhniú, dlúthpháirtíocht a chothú, agus na deiseanna a leathnú trína ndéanann mic léinn agus baill foirne a n-áit a léirmhíniú i ndomhan atá ag athrú go tapa.

Tiomantais

- Soghluaisteacht dhomhanda agus malartú fíorúil a leathnú ar bhealaí a thacaíonn leis an bhfoghlaim eiticíúil, idirchultúrtha agus mhachnamhach.
- Comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a thógáil agus iad bunaithe ar ghealltanais chomhroinnte maidir leis an gceartas, an dínit, an inbhuanaitheacht agus folláine an duine, chomh maith le hinniúlachtaí digiteacha idirchultúrtha.
- Tacú le comhar trasnáisiúnta taighde agus teagasc lena gcuirtear rannpháirtíocht theicneolaíoch dhaonnúil eiticíúil chun cinn, lena n-áirítear trí ardáin dhigiteacha.
- An tsaoránacht dhomhanda agus an inniúlacht idirchultúrtha a fhí isteach i ngach clár.
- Feabhas a chur ar dheiseanna ball foirne le haghaidh an chomhair idirnáisiúnta, na cruthaitheachta agus an chleachtais mhachnamhaigh.
- Eispéireas idirnáisiúnta na mac léinn a neartú trí thacaíocht atá freagrúil ó thaobh cultúir de, caidreamhach agus iomlánaíoch.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- Mic léinn a fhorbraíonn acmhainneachtaí láidre saoránachta domhanda atá bunaithe ar an bhfeasacht eiticíúil agus idirchultúrtha.
- Comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a chuireann chun cinn spriocanna comhroinnte ina bhfuil an duine lárnach agus atá dírithe ar an gceartas.
- Leis an gcomhar trasnáisiúnta, tugtar aghaidh ar dhúshláin dhomhanda ar bhealaí daonnúla agus ar bhealaí atá eolach ó thaobh an chultúir de, trí úsáid a bhaint as acmhainní digiteacha agus as bonneagar digiteach i gcás ina bhfuil breisluach ag baint leis sin.
- Feasacht dhomhanda agus foghlaim idirchultúrtha a bhíonn le feiceáil ar fud an churaclaim.
- Soghluaisteacht ball foirne agus rannpháirtíocht idirnáisiúnta a dhoimhníonn nascacht dhomhanda CMgS.
- Leibhéil arda muintearais, gutha agus tacaíochta iomlánaíche ag na mic léinn agus iad ag teacht isteach agus amach as an áit, agus foghlaimeoirí idirnáisiúnta in ann a mbealach a dhéanamh trí chórais dhigiteacha agus acadúla CMgS le soiléireacht, gníomhaireacht agus tacaíocht atá freagrúil ó thaobh cultúir de.

Treo 3: Guthanna Leanaí, Domhain na Todhchaí

Conair 1: Teagasc, Foghlaim & Inniúlachtaí

Laistigh de **Guthanna Leanaí, Domhain na Todhchaí**, sa Teagasc, san Fhoghlaim agus sna hInniúlachtaí, dírithe ar chumais, ar ghníomhaireachtaí agus ar dheiseanna samhlaíocha leanaí agus daoine óga. Iarrann an lionsa sin ar CMgS curaclaim agus oideolaíochtaí a dhearadh a dhoimhníonn tuiscint na mac léinn ar an óige mar fheiniméan dinimiciúil

cultúrtha, sóisialta, éiceolaíoch agus teicneolaíoch — agus chun céimithe a ullmhú a bheidh ábalta freagairt go machnamhach agus go cruthaitheach do na domhain atá ag teacht chun cinn agus arb ann a mhairfidh na leanaí.

Tá sin ag teacht le misean acadúil níos leithne CMgS, lena n-áirítear na healaíona, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta, ina ndéanann mic léinn iniúchadh ar an gcaoi a múnlaíonn an t-am atá caite agus an t-am atá anois ann na cineálacha todhchaí atá ar fáil do leanaí. Caitheann na disciplíní sin solas ar na scéalta, na féiniúlachtaí, na cuimhní agus na hoidhreachtáí cultúrtha ar tríothu a fhaigheann daoine óga tuiscint orthu féin agus ar a saol. Ar an gcaoi sin, tríd an bhfócas ar shaolta leanaí, leathnaítear canbhás na hardfhoghla, agus iarrtar ar mhic léinn a léirmhíniú conas a thagann an stair, cultúir agus samhlaíochtaí le chéile chun cineálacha todhchaí fhéideartha a mhúnlú.

I gcás CMgS, dearbhaítear leis an Treo sin go bhfuil an t-oideachas dírithe ar an todhchaí agus bunaithe ar an doimhneacht léirmhínitheach a chothaíonn na daonnachtaí. Leis sin, ní eolas disciplíneach agus oideolaíoch amháin a iarrtar orainn a thabhairt do chéimithe, ach an tsamhlaíocht eiticiúil, an breithiúnas caidreamhach, an tuiscint chultúrtha agus an leithead léirmhínitheach is gá chun tacú le leanaí — agus leis na sochaithe a ndéanfaidh siad athmhúnlú orthu — chun go mbeidh bláthú le linn na héiginnteachta ann.

Tiomantais

- Tuiscintí comhaimseartha ar an óige a fhí isteach ar fud na gcúraclam (cultúr, forbairt, éiceolaíocht, digiteach).
- Neartú a dhéanamh ar oideolaíochtaí lena dtugtar urraim do ghuth, don ghníomhaireacht, don chruthaitheacht agus d'fhéiniúlachtaí éagsúla leanaí.
- Forbairt a dhéanamh ar mhodúil lena n-ullmhaítear céimithe le haghaidh comhthéacsanna óige atá ag athrú go tapa.
- Tacú le baill foirne chun cleachtas ina bhfuil leanaí lárnach, atá cuimsitheach agus dírithe ar an todhchaí a chomhtháthú.
- Cinnte a dhéanamh de go léiríonn timpeallachtaí foghlama luachanna folláine, rannpháirtíochta agus rath leanaí.
- Leathnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim idirdhisciplíneach lena nasctar oideachas, na healaíona, na daonnachtaí agus cultúir dhigiteacha.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- Céimithe a léiríonn cumas láidir oideolaíoch caidreamhach ina bhfuil leanbh lárnach.
- Cláir a léiríonn réaltachtaí comhaimseartha shaol leanaí agus cineálacha todhchaí atá ag teacht chun cinn.
- Mic léinn a léiríonn go bhfuil siad réidh chun freagairt do chomhthéacsanna éagsúla cultúrtha, digiteacha agus éiceolaíocha na hóige.
- Oideolaíochtaí ar léir go n-ardaíonn siad guth agus rannpháirtíocht leanaí.
- Méadú ar mhuinín foirne i dtaca le teagasc faoin óige atá ag athrú.

- Aitheantas le haghaidh CMgS as oideoirí a ullmhú a bhfuil taithí acu ar na domhain atá i ndán do na leanaí.

Conair 2: Aistear na Mac Léinn, Claohlú & Bláthú

Laistigh de **Guthanna Leanaí, Domhain na Todhchaí**, tuigtear gur próiseas foirmithe comhthreomhar é aistear an dalta: de réir mar a fhoghlaimíonn daltaí conas saol agus cineálacha todhchaí leanaí a thuiscint agus tacú leo, ní mór dóibh a n-acmhainneachtaí féin a chothú freisin maidir le léargas, samhlaíocht, cúram agus freagracht eiticiúil.

Is éard a mhúnláíonn a bhforbairt ná na comhthéacsanna cultúrtha, caidreamhacha agus samhlaíocha ar tríothu a léirmhíniú siad a saol agus a shamhlaíonn siad na cineálacha todhchaí a bhfuil súil acu tionchar a bheith acu orthu.

Cuireann na healaíona, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta dlús leis an bpróiseas sin trí chreataí a chur ar fáil chun machnamh a dhéanamh ar an bhféiniúlacht, ar an gcuimhne, ar an insint, ar an muintearas agus ar an athrú — rudaí atá ríthábhachtach d’oideoirí atá ag obair i gcomhthéacsanna atá ag éirí níos éagsúla, níos digití agus níos éiginnte. Trí dhul i ngleic leis an gcaoi a múnlaíonn eispéiris agus oidhreachtaí cultúrtha a bhí ann roimhe seo na féidearthachtaí a bheidh ann amach anseo, faigheann mic léinn tuiscint níos doimhne orthu féin agus ar na leanaí a mbeidh siad lá éigin ag freastal orthu.

Bláthú na mac léinn — an mhuinín, cumas caidreamhach, feasacht chultúrtha agus soiléireacht mhorálta, dá bhrí sin, ní don fhorbairt phearsanta amháin iad ach is bunchlocha ina theannta sin iad do na cineálacha todhchaí a gcuideoidh na mic léinn le leanaí iad a shamhlú.

Tiomantais

- Neartú a dhéanamh ar thacaíochtaí mac léinn lena ndéantar féiniúlacht ghairmiúil agus feasacht ar ghníomhaireacht leanaí a dhoimhniú.
- Cleachtas machnamhach agus fothú acmhainneachta caidreamhach a fhí isteach ar fud na gclár.
- Leathnú a dhéanamh ar dheiseanna chun teagmháil bharántúil a dhéanamh le leanaí, scoileanna, pobail agus cultúir óige.
- Feabhas a chur ar fholláine, muintearas agus struchtúir chúraim atá ailínithe le cineál caidreamhach an teagaisc.
- Tacú le mic léinn acmhainneachtaí cruthaitheacha, eiticiúla agus criticiúla a fhorbairt chun dul i ngleic leis an gcastacht.
- Déan comhpháirtithe de na mhic léinn le linn éiteas agus taithí cláir ina bhfuil an leanbh lárnach a bheith á múnú.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- Mic léinn a fhorbraíonn féiniúlachtaí gairmiúla láidre atá bunaithe ar chúram, ar ghníomhaireacht agus ar an mbreithiúnas eiticiúil.
- Cumas machnaimh agus caidreamhach a bheith ina gnéithe infheicthe d’eispéireas an

mhic léinn.

- Socrúcháin a sholáthraíonn rannpháirtíocht níos doimhne le comhthéacsanna éagsúla óige.
- Feabhas suntasach ar fholláine agus ar mhuinín na mac léinn.
- Céimithe atá sásta léargas, atrua agus inoiriúnaitheacht a theagasc.
- Guth mac léinn a mhúnlaíonn cultúr agus forbairt an chláir.

Conair 3: Taighde, Nuálaíocht & Comhroinnt Eolais

Faoi chuimsiú **Guthanna Leanaí, Domhain na Todhchaí**, déantar modh den taighde chun éisteacht le saol leanaí agus é a shoilsiú — a gcultúir, a n-eispéiris, a ndúshláin, a ndóchas agus a ndomhain samhlaíocha. Leis an lionsa sin suitear misean taighde CMgS ag an gcrosbhóthar idir an t-am atá caite agus an t-am atá le teacht: tuiscint a fháil ar an gcaoi a múnlaíonn fórsaí stairiúla, cultúrtha, éiceolaíocha agus teicneolaíocha an óige, agus eolas nua a ghiniúint a chuireann leis an méid is féidir le daoine óga a dhéanamh.

Cuireann na healaíona, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta uirlisí léirmhínteacha ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag scéalta, féiniúlachtaí, cuimhne chultúrtha agus comhshamhlaíocht ar eispéiris leanaí.

Comhlánaíonn taighde oideachasúil, sóisialta agus síceolaíoch é sin trí imscrúdú a dhéanamh ar an bhfolláine, ar an bhfoghlaim, ar an gcuimsiú agus ar neamhionannais struchtúracha. I dteannta a chéile, tugann na cuir chuige sin léargas níos iomláine ar an gcaoi a dtéann leanaí i ngleic le domhan atá ag síorathrú — agus ar an gcaoi a bhféadfadh institiúidí agus pobail tacú níos fearr lena dtodhchaí.

Éilítear leis an Treo sin cultúir taighde atá bunaithe ar an tsamhlaíocht eiticiúil, ar an gcomhar idirdhisciplíneach, agus ar thiomantas do thodhchaí a mhúnlú ina bhfuil cearta, guthanna agus deiseanna leanaí lárnach.

Tiomantais

- Tús áite a thabhairt do thaighde lena dtugtar aghaidh ar chineálacha óige comhaimseartha agus ar dhúshláin atá dírithe ar an todhchaí.
- Neartú a dhéanamh ar an taighde idirdhisciplíneach lena nasctar an t-oideachas, na daonnachtaí, na heolaíochtaí sóisialta, an tsíceolaíocht, na healaíona agus cultúir dhigiteacha.
- Modheolaíochtaí rannpháirtíochta a chothú chun leanaí a urramú mar ghníomhairí agus mar chomhthaighdeoirí.
- Tacú le forbairt taighdeoirí san eitic, sa chosaint agus san inniúlacht idirchultúrtha.
- Comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a thógáil maidir le cearta, folláine agus todhchaí leanaí.

- Feabhas a chur ar scaipeadh lena n-ardaítear dearchtaí leanaí i réimsí gairmiúla agus poiblí.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- CMgS a bheith ina cheannaire náisiúnta i dtaighde ar an óige agus ar chineálacha todhchaí na leanaí.
- Déanann tionscadail idirdhisciplíneacha solas a chaitheamh ar fhírinní saoil leanaí agus ar dhomhain atá i ndán dóibh.
- Glacadh níos forleithne le cineálacha cur chuige taighde rannpháirteach.
- Taighde a chuireann bonn eolais faoi bheartas agus faoi chleachtas ar fud na n-earnálacha oideachais agus pobail.
- Comhar idirnáisiúnta a chuireann leis an tuiscint ar aistrithe domhanda na hóige.
- Dioscúrsa poiblí a léiríonn an méid a chuireann CMgS le guth agus gníomhaireacht leanaí, agus le léargas níos doimhne ar fhírinní saoil leanaí, ar fhéiniúlachtaí cultúrtha, agus ar chineálacha todhchaí atá ag teacht chun cinn.

Conair 4: Comhpháirtíochtaí, Pobal & Tionchar

Laistigh de **Guthanna Leanaí, Domhain na Todhchaí**, déantar iarrachtaí comhchoiteanna de chomhpháirtíochtaí chun na dálaí a chruthú ina gcloistear guthanna leanaí agus ina dtacaítear lena dtodhchaí. Leis an lionsa sin, leagtar béim ar an bhfíoras go múnlaíonn cineálacha staire, féiniúlachtaí agus insintí na héiceachórais timpeall ar leanbh — lena n-áirítear teaghlaigh, scoileanna, pobail, institiúidí cultúrtha agus córais shibhialta — gnéithe a mbíonn tionchar acu ar an gcaoi a dtuigeann daoine óga iad féin agus a samhlaíonn siad an méid is féidir a dhéanamh.

Cuireann earnálacha na n-ealaíon, na ndaonnachtaí agus an chultúir bealaí riachtanacha ar fáil chun léiriú cruthaitheach, scéalaíocht, cruthú féiniúlachta, agus idirphlé idirghlúine a dhéanamh — rudaí a chuireann ar chumas leanaí a stair a léirmhíniú agus a dtodhchaí a shamhlú. Is cuidiú iad comhpháirtíochtaí le comhlachtaí sibhialta, le heagraíochtaí pobail agus le hinstitiúidí domhanda maidir le haghaidh a thabhairt ar na dálaí struchtúracha a thacaíonn le bláthú leanaí nó a chuireann srian leis.

I gcás CMgS, is tiomantas comhroinnte í an rannpháirtíocht maidir le todhchaí oideachasúil, chultúrtha agus shochoíoch a thógáil ina bhfuil dínit, rannpháirtíocht agus acmhainneacht leanaí lárnach.

Tiomantais

- Neartaigh comhpháirtíochtaí scoile agus pobail atá dírithe ar an bhfoghlaim, ar an bhfolláine agus ar ghníomhaireacht leanaí.

- Comhoibriú le luathbhlianta, le heagraíochtaí príomhúla, iar-bhunscoile agus pobail maidir le riachtanais leanaí atá ag teacht chun cinn.
- Tóg comhpháirtíochtaí a thacaíonn leis an rannpháirtíocht chruthaitheach, chultúrtha, éiceolaíoch agus shibhialta leanaí.
- Tacaigh le teaghlaigh agus le heagraíochtaí óige athléimneacht, muintearas agus cuimsiú a chothú.
- Forbair comhair idirnáisiúnta a chuireann a thugann aghaidh ar aistrithe domhanda na hóige.
- Cuir i láthair an luach sochaíoch a bhaineann le comhar atá dírithe ar leanaí a thaispeáint trí thaighde agus trí rannpháirtíocht an phobail.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- Comhpháirtíochtaí scoile a bheith ina suímh bhríomhara nuálaíochta comhdheartha.
- Comhair phobail a neartaíonn athléimneacht, muintearas agus rannpháirtíocht chultúrtha.
- Teaghlaigh a thairbhíonn de thionscnaimh a fhaigheann tacaíocht ó CMgS agus a thugann aghaidh ar dhúshlán na hóige.
- Comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a thugann aghaidh ar shaincheisteanna domhanda a bhaineann leis an óige.
- Foghlaim atá rannpháirteach sa phobal a fheabhsaíonn inniúlachtaí na mac léinn ina bhfuil an leanbh lárnach.
- Tionchar sochaíoch CMgS agus é le feiceáil trí thionscadail shibhialta atá dírithe ar leanaí.

Conair 5: Daoine, Áit & Saol ar an gCampas

Laistigh de **Guthanna Leanaí, Domhain na Todhchaí**, beidh an saol ar an gcampas ina shuíomh ina gcleachtfar i gcomhpháirtí na luachanna a mhúnlóidh oideoirí i gcomhair leanaí lá éigin. Leis an lionsa sin, iarrtar ar CMgS timpeallachtaí fisiciúla, cultúrtha, digiteacha agus éiceolaíocha a chothú inar gnéithe coiteanna an tsamhlaíocht, an cúram, an cuimsiú agus an ceartas — agus ina mbíonn taithí ag na mic léinn ar an gcomhleanúnachas agus ar an dínit a bhfuil coinne go gcothóidh siad iad i saol leanaí.

Cuireann na daonnachtaí agus na healaíona cruthaitheacha leis an saol ar an gcampas trí spásanna machnamhacha, léiritheacha agus léirmhínteacha a chur ar fáil agus ar cuidiú iad le mic léinn ó thaobh tuiscint a fháil ar an gcaoi a dtéann leanaí i ngleic le brí, cuimhne, féiniúlacht agus athrú.

Maidir leis maoirseacht mhachnamhach ar an áit — fisiciúil, digiteach agus éiceolaíoch — is mar a chéile í sin agus an fhreagracht atá ar oideoirí timpeallachtaí a mhúnlú inar féidir le daoine óga fás, taiscéaladh agus barr a réime a bhaint amach.

Ar an gcaoi sin, beidh an campas ina léiriú beo ar na cineálacha todhchaí a bhfuil sé

d'aidhm ag CMgS a chruthú: cineálacha todhchaí atá daonnúil, samhlaíoch, inbhuanaithe agus cóir.

Tiomantais

- Cultúr campais a chothú ina léireofar an cúram, an dínit, an chruthaitheacht agus an rannpháirtíocht.
- Infheistíocht a dhéanamh i spásanna a thacaíonn leis an tsamhlaíocht, leis an gcomhar agus leis an bhfreagracht éiceolaíoch.
- Neartú a dhéanamh ar fhorbairt foirne i gcleachtas ina bhfuil an leanbh lárnach, atá idirchultúrtha agus atá caidreamhach.
- An Máistirphlean Campais a chur chun cinn mar shamhail den inbhuanaitheacht agus de chuspóir oideachasúil.
- An saol cultúrtha agus ealaíonta a chothú ina léirítear modhanna éagsúla tuisceana óige.
- Cleachtais rialachais a chur chun cinn lena dtugtar tús áite don chaidreamhachas, don chuimsiú agus don fholláine.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- Cultúr an champais inar léir luachanna a bheith ailínithe le bláthú leanaí.
- Spásanna fisiciúla agus digiteacha a chuireann an chruthaitheacht, an comhoibriú agus an cúram éiceolaíoch chun cinn.
- Méadú ar mhuinín ball foirne i gcleachtas caidrimh ina bhfuil an leanbh lárnach.
- Cuireann na tionscadail Máistirphlean feabhas ar an inbhuanaitheacht agus ar dhearadh atá fabhrach do leanaí.
- Tionscnaimh ealaíon agus chultúrtha a chuireann leis an saol samhlaíoch ar an gcampas.
- Cleachtais institiúideacha a léiríonn cúram, cuimsiú agus cuspóir comhroinnte.

Conair 6: Saoránaigh de chuid an Domhain & Naisc Tras-Náisiúnta

Laistigh de **Guthanna Leanaí, Domhain na Todhchaí** léiríonn an rannpháirtíocht dhomhanda na cineálacha todhchaí idirnasctha a thiocfaidh ar oidhreacht anuas chuig daoine óga. Leis an lionsa sin, leagtar amach an t-idirnáisiúnú mar bhealach chun tuiscint ar an óige a dhoimhniú ar fud cultúr, geografaíochta, staire agus cineálacha todhchaí samhlaíthe — rud a chuireann ar chumas mac léinn tuiscint a fháil ar an gcaoi a múnlaíonn dálaí áitiúla agus domhanda saol leanaí.

Cuireann na healaíona, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta leis an dearcadh sin trí uirlisí léirmhínteacha a chur ar fáil chun dul i ngleic leis an gcuimhne chultúrtha, leis an teanga, leis an bhféiniúlacht, leis an traidisiún, leis an leanúnachas agus leis an gclaochlú.

Cabhraíonn na disciplíní sin le mic léinn tuiscint a fháil ar an gcaoi a dtéann leanaí i dtaithí ar an domhan ag an gcrosbhóthar idir an t-am atá caite a thagann ar oidhreacht anuas agus

na cineálacha todhchaí atá ag teacht chun cinn, agus ar an bhfáth a bhfuil umhlaíocht idirchultúrtha, ceartas agus feasacht eiticiúil riachtanach do ghairmithe a bhíonn ag obair i sochaí dhomhandaithe.

Trí shoghluaisteacht, malartú cultúrtha agus comhpháirtíochtaí taighde, cuireann CMgS ar a gcumas do mhic léinn agus do bhaill foirne páirt a ghlacadh sna domhain éagsúla ina maireann leanaí, rud a chothaíonn an tsamhlaíocht dhomhanda is gá chun gníomhú go freagrach agus go cruthaitheach laistigh de thodhchaí éiginnte idirspleách.

Tiomantais

- Leathnú a dhéanamh ar shoghluaisteacht agus malartú fíorúil atá dírithe ar an óige dhomhanda agus ar an éagsúlacht chultúrtha.
- Comhpháirtíochtaí a thógáil le hinstitiúidí a thugann aghaidh ar chearta, folláine agus oideachas leanaí.
- Tacú le comhar taighde agus teagaisc domhanda maidir le haistrithe óige.
- An tsaoránacht dhomhanda agus an cumas idirchultúrtha a fhí isteach i ngach clár.
- Comhtháthú mac léinn idirnáisiúnta a fheabhsú trí thacaíochtaí iomlánaíocha atá freagrúil ó thaobh an chultúir de.
- Naisc a neartú leis an mbeartas domhanda agus le comhlachtaí abhcóideachta atá dírithe ar chineálacha todhchaí leanaí.

Torthaí lena bhfuiltear ag súil

- Céimithe a fhorbraíonn tuiscintí idirchultúrtha láidre ar leanaí ar fud an domhain.
- Comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a chuireann gealltanais chomhroinnte maidir le cearta agus folláine leanaí chun cinn.
- Taighde trasnáisiúnta a chuireann bonn eolais faoi dhíospóireachtaí domhanda maidir le cineálacha todhchaí leanaí.
- Torthaí foghlama idirchultúrtha a bhíonn fite isteach ar fud na gcuraclam.
- Rannpháirtíocht ball foirne i líonraí idirnáisiúnta a dhoimhníonn an saineolas.
- Mic léinn idirnáisiúnta a chumasú chun nascadh le croíláidreachtaí acadúla atá bunaithe ar luachanna an Choláiste agus chun rannchuidiú leo.

VII. Garspriocanna mar Dhroichead idir an Fhís agus an Seachadadh

Cinnte a dhéanamh de go mbeidh athrú fóinteach institiúideach mar thoradh ar mhianta ardleibhéil na straitéise seo, cuirfear an plean i gcrích trí shraith garspriocanna lena léirítear pointí suntasacha dul chun cinn feadh gach Conaire.

Ní mionphointí oibriúcháin ná liostaí aschuir bliantúla iad garspriocanna; is éachtaí cuspóireacha iad atá faoi cheangal ama lena léirítear gluaiseacht an Choláiste i dtreo a spriocanna straitéiseacha.

Is ionann garsprioc agus léiriú go bhfuil dul chun cinn ábhartha déanta ar chroíghné den phlean — bíodh sin trí thionscnamh nua a sheoladh, trí thimpeallacht foghlama a

athdhearadh, trí chomhpháirtíocht a bhunú, nó trí mhórtionscadal cumasúcháin a chur i gcrích.

Is iad na garspriocanna sin i dteannta a chéile an ailtireacht a fhágann go mbíonn na Treonna agus na Conairí sin le feiceáil sa chleachtas.

Garspriocanna, Treochláir agus Pleananna Bliantúla Oibriúcháin

Déantar na garspriocanna sin a sheicheadh laistigh de Threochlár Cur Chun Feidhme ilbhliantúil, ina dtugtar léargas struchtúrtha ar an gcaoi a dtagann an straitéis chun cinn le himeacht ama.

Cuirtear in iúl i bPleananna Oibriochtúla Bliantúla ina dhiaidh sin na gníomhaíochtaí sonracha atá le déanamh gach bliain chun an chéad sraith eile de gharspriocanna a bhaint amach. Ar an gcaoi sin, bíonn Pleananna Oibriochtúla Bliantúla dinimiciúil agus freagrúil i gcónaí, agus garspriocanna, cuireann siad leanúnachas, comhleanúnachas agus treoir straitéiseach ar fáil.

I dteannta a chéile, cinntíonn siad go mbaintear amach mianta fadtéarmacha an Choláiste trí dhul chun cinn carnach soiléir a dhéanamh ar an méid atá bainte amach.

Leis an gcur chuige sin, is féidir leis an Údarás Rialachais uailmhian an phlean agus na céimeanna praiticiúla trína mbainfear an uailmhian sin amach a fheiceáil, gan ró-ualú a dhéanamh ar an straitéis féin le mionsonraí oibriochtúla. Thar aon ní eile, is dearbhú é go mbeidh Gobharnóirí ar an eolas faoi stádas an dul chun cinn ag gach tráth agus go mbeidh muinín acu gur féidir le páirtithe leasmhara agus maoinitheoirí brath ar ár dtrédhearcacht agus ar ár gcuntasacht, agus ailíniú soiléir a bheith ann idir an plean, a tháirgí insoláthartha, a bheartas náisiúnta agus a riachtanais eanála.

VIII. Comhairliúchán Leanúnach agus Idirphlé Machnaimh

Gheobhaidh an straitéis tacaíocht ó thimthriall leanúnach rannpháirtíochta le pobal CMgS agus le príomh-chomhpháirtithe seachtracha. Gach bliain, tionólfaidh an Coláiste Saotharlanna Smaointeoireachta Machnaimh i gcomhar le mic léinn, baill foirne agus páirtithe leasmhara chun léargais atá ag teacht chun cinn a chur i gcomparáid, measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn, agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart do thírdhreach athraitheach an oideachais agus na sochaí eolas a chur ar fáil don chéad chéim eile den chur chun feidhme.

Ní gné chúnta den phlean iad na comhráite sin ach is cuid riachtanach dá rialachas iad: cinntíonn siad go leanann an straitéis de bheith beo do dhúshlái nua, go bhfreagraíonn sí do dheiseanna, agus go bhfuil sí bunaithe ar thaithí saoil na ndaoine a mhúineann, a

Plean Straitéiseach 2030: *Conairí á Léiriú, Todhchaí*



fhoghlaímíonn, a oibríonn agus a chomhoibríonn le CMgS.

Beidh torthaí na seisiún sin mar bhonn eolais do choigeartuithe ar Phleananna Oibríochtúla Bliantúla agus ar an Treochlár Cur Chun Feidhme, lena n-áiríteofar gur féidir leis an gColáiste an cúrsa a cheartú le hintinn, móiminteam a chothú, agus seasamh leis na luachanna agus na huaillmhianta atá i gcroílár na straitéise.